Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15924/23**

**LIMITE**

**EPPO 46**
**COPEN 413**
**FIN 1229**
**GAF 40**
**CSC 541**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh<br>- Staidéar ar fheidhmiú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh<br>- Caidreamh leis na húdaráis náisiúnta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an nóta thuasluaite ón Uachtaránacht.

PUBLIC

**Réamhrá**

Tar éis Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') a ghlacadh, chuir OIPE tús lena chuid gníomhaíochtaí oibríochtúla an 1 Meitheamh 2021.

Luaitear in Airteagal 119(1) den Rialachán go bhfuil an Coimisiún le meastóireacht a choimisiúnú ar chur chun feidhme agus ar thionchar an Rialacháin, agus ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht OIPE agus a chleachtas oibre. Cuirtear in iúl le hAirteagal 119(2) freisin go bhfuil an Coimisiún le tograí reachtacha a thíolacadh má thagann sé ar an tátal gur gá rialacha breise nó rialacha níos mionsonraithe a bheith ann maidir le OIPE, a fheidhmeanna nó an nós imeachta is infheidhme i ndáil lena ghníomhaíochtaí, lena n-áirítear a imscrúduithe trasteorann, a chur ar bun. Tá an tuarascáil mheastóireachta seo maidir le cur chun feidhme agus tionchar an Rialacháin le cur i láthair tráth nach déanaí ná an 1 Meitheamh 2026, cúig bliana tar éis thús ghníomhaíochtaí oibríochtúla OIPE.

Ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí ag CATS a tionóladh i Maidrid an 8 Meán Fómhair 2023, bhí malartú tuairimí ag na rannpháirtithe maidir leis an gcomhar idir córais cheartais náisiúnta agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh.

Le linn an chruinnithe a bhí ag CATS a tionóladh an 17 Samhain 2023, iarradh ar an gCoimisiún príomhthorthaí staidéir ar Rialachán OIPE a choimisiúnaigh sé in 2022 a chur i láthair. Dáileadh an staidéar féin tar éis an chruinnithe sin. Chuir an Coimisiún i bhfios go láidir nach gá gur léiríodh le conclúidí an staidéir tuairim an Choimisiúin agus nach dtiocfaidís in ionad na tuarascála meastóireachta bunaithe ar Airteagal 119 den Rialachán, cé go gcuirfidís leis an tuairim sin.

Leathnaíodh fócas tosaigh an staidéir, i.e. comhoiriúnacht reachtaíocht náisiúnta na mBallstát atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe le Rialachán OIPE, chun roinnt saincheisteanna a chur san áireamh a bhaineann le héifeachtúlacht agus éifeachtacht ghníomhaíochtaí OIPE a eascraíonn as téacs an Rialacháin féin, gan beann ar chur chun feidhme na mBallstát. Maidir leis an modheolaíocht, leanadh dhá chur chuige éagsúla. Chun measúnú a dhéanamh ar an reachtaíocht náisiúnta, bhailigh an conraitheoir sonraí ó na 22 Bhallstát rannpháirteacha le tacaíocht ó fhoireann saineolaithe dlí náisiúnta a chuir an tIonchúisitheoir Eorpach nó Ionchúisitheoir Tarmligthe Eorpach ó gach Ballstát rannpháirteach faoi agallamh freisin. Dhréachtaigh saineolaithe dlí náisiúnta na táblaí comhghaoil agus na tuarascálacha achoimre náisiúnta ina dtugtar forléargas ar an gcreat dlíthiúil náisiúnta agus ar a chomhlíontacht leis an Rialachán. Chun measúnú a dhéanamh ar na saincheisteanna éifeachtachta a bhaineann leis an Rialachán féin, rinne an conraitheoir taighde deisce agus chuir sé agallamh ar fhoireann OIPE sa Lároifig agus ar an leibhéal díláraithe. Dírítear sa staidéar ar roinnt forálacha de Rialachán OIPE agus anailís á déanamh, ar thaobh amháin, ar dhlíthe náisiúnta agus, ar an taobh eile, ar na saincheisteanna a bhaineann leis an Rialachán féin. Maidir le comhlíonadh na ndlíthe náisiúnta le Rialachán OIPE, fuarthas amach gurb iad na príomhréimsí imní ról na mbreithiúna imscrúdaitheacha agus na n-údarás náisiúnta eile i gcomhthéacs imscrúduithe OIPE, neamhspleáchas OIPE, tuairisciú, clárú, agus fíorú faisnéise, agus coinbhleachtaí inniúlachta a réiteach. I dtéarmaí na saincheisteanna a bhaineann le téacs an Rialacháin féin, is iad na príomhréimsí imní inniúlacht ábhartha OIPE, ceart easghairme OIPE, imscrúduithe trasteorann, agus anailís níos leithne ar neamhspleáchas OIPE.

PUBLIC

Meastar sa staidéar go bhféadfadh sé nach mbeadh an reachtaíocht náisiúnta go hiomlán i gcomhréir leis an Rialachán i roinnt Ballstát rannpháirteach agus, dá bhrí sin, go bhféadfaí cosc a chur ar OIPE a fheidhmeanna a fheidhmiú i gceart. Chuir an Coimisiún in iúl, bunaithe ar na torthaí sin, go rachadh sé i dteagmháil leis na Ballstáit ar bhonn déthaobhach chun tuilleadh plé a dhéanamh ar na saincheisteanna neamhchomhlíontachta a d'fhéadfadh a bheith ann agus ar na bealaí chun iad a réiteach.

Ba cheart tuilleadh plé a dhéanamh ar an staidéar i gcomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle.

Idir an dá linn, agus leis an staidéar mar chúlra, measann an Uachtaránacht go bhfuil sé úsáideach machnamh a dhéanamh ar an gcéad dá bhliain go leith de ghníomhaíochtaí oibríochtúla OIPE agus machnamh a dhéanamh ar an taithí a fuarthas go dtí seo, go háirithe maidir leis an gcaidreamh idir OIPE agus na húdaráis náisiúnta. Tá an caidreamh sin bunriachtanach le haghaidh dhea-fheidhmiú OIPE. Cumhdaítear leo saincheisteanna mar shampla acmhainní leordhóthanacha, infhaighteacht imscrúdaitheoirí speisialaithe, bealaí cumarsáide agus tuairiscithe, roinnt inniúlachtaí, etc. Déileáiltear leis an gcuid is mó de na gnéithe i Rialachán OIPE ach tá taithí againn anois ar an gcaoi a bhfuil sé á chur chun feidhme agus ar na dúshláin atá ann.

**Ceist do na hairí**

I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar na hairí a dtuairimí a chur in iúl maidir leis an gcaidreamh idir a n-údaráis náisiúnta agus OIPE, lena léirítear na deacrachtaí nó na heasnaimh a d'fhéadfadh a bheith ann ó chuir OIPE tús lena ghníomhaíochtaí chomh maith le réimsí ina bhféadfaí feabhas a chur orthu.

PUBLIC